____________
____________

4. Anois cuir na briathra san aimsir chaite i dtasc 2 in ord aibítre.

____________
____________



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 40 14/06/2011 14:21

# An Teilifís

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'An Teilifís':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:


Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 41 14/06/2011 14:21





Nuair a bhog Máire Bean Uí Cheallaigh as Baile Átha Cliath go Baile na Creige bhí uirthi áit chónaithe nua a cheannach di féin agus dá hiníon Laoise. Léigh na fógraí seo agus pioc an teach, i do thuairimse, is fearr a d'fheilfeadh dóibh.



# Nuachtlitir Bhaile na Creige



**Teach dhá stór dhá mhíle taobh amuigh den bhaile**
- 4 sheomra codlata
- Radharc ar an abhainn
- Áit aoibhinn don gharraíodóir! Gairdín breá chun tosaigh agus ar cúl!



**Árasán nua i gceartlár an bhaile**
- 2 sheomra codlata
- Gar don ionad siopadóireachta
- Praghas an-réasúnta



**Bungaló nuathógtha leathmhíle taobh amuigh den bhaile**
- 3 sheomra codlata
- An-ghar don bhunscoil agus don mheánscoil
- Ceantar an-chiúin

Cén áit chónaithe a phioc tusa do mhuintir Uí Cheallaigh? ______________

Cén fáth arbh é seo a roghnaigh tú dóibh?

______________________________

______________________________

Cén ceann a phioc do pháirtí? ______________________



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 42 14/06/2011 14:21

# Ag díol is ag ceannach




1. Lig ort go bhfuil an teach nó an t-árasán a bhfuil tú i do chónaí ann faoi láthair le díol. Scríobh fógra díolacháin á mholadh go hard na spéire. Déan cur síos san fhógra ar an taobh istigh, ar an taobh amuigh agus ar chomharsanacht an tí.

2. Dá mbeifeá ag ceannach áit chónaithe nua duit féin, agus dá bhféadfá mian do chroí a bheith agat, cén sórt áite a bheadh ann? Cá mbeadh sé lonnaithe? Cé a bheadh in aontíos leat?

3. Tabhair treoracha do do pháirtí chun go dtarraingeodh sé / sí pictiúr de theach. Bunaigh do chuid treoracha ar an gcur síos a scríobh tú i dtasc 2.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 43 14/06/2011 14:21

# Cuir i gcuimhne dom!

1. Léigh an téacs seo.

   Is duine an-gnóthach go deo í Máire Bean Uí Cheallaigh. Bhog sí go Baile na Creige le déanaí lena hiníon Laoise. Tá post nua agus teach nua aici anois. Tá a hathair agus a deirfiúr Rita ina gcónaí i mBaile na Creige chomh maith. Is minic a scríobhann Máire nótaí di féin le go gcuimhneoidh sí ar na rudaí ar fad a bhíonn le déanamh aici i rith an lae.

2. Seo thíos nóta a scríobh sí an lá a raibh coinne aici le múinteoir Laoise. Scríobh thusa an chuid eile dá nótaí don lá sin.

**Dáta** ______________________

**Maidin**

_____ ______________________________

_____ ______________________________

**Iarnóin**

15.15 Coinne le múinteoir Laoise

_____ ______________________________

**Tráthnóna**

_____ ______________________________

_____ ______________________________

3. Cuir ✓ sa cholún ceart.

| | Fíor | Bréagach | Ní léir ón gcur síos |
|---|---|---|---|
| 1. Tá Bean Uí Cheallaigh ina cónaí sa teach céanna le fada an lá. | | | |
| 2. Tá iníon ag Bean Uí Cheallaigh. | | | |
| 3. Níl aon ghaolta ag Bean Uí Cheallaigh sa cheantar. | | | |
| 4. Is aoibhinn le Bean Uí Cheallaigh a post nua. | | | |
| 5. Tá laethanta saoire scoile ann anois. | | | |
| 6. Níl ag Bean Uí Cheallaigh ach deirfiúr amháin. | | | |



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 44 14/06/2011 14:21

# Focail ar Iarraidh

1. Seo sliocht as an leabhar *Togha agus Rogha*. Scríobh sna spásanna na focail atá ar iarraidh.

'A Chathail! Gabh i leith anseo go bhfeicfidh tú!'
Róise a chonaic ________________ dtús é.
'Céard é anois?' arsa Cathal agus cantal ______________. 'Tá deifir abhaile ormsa!'
'Breathnaigh air,' arsa Róise.
Chonaic ________________ go raibh sé cróilí tanaí agus ________________ raibh
an chuma air nár tugadh aon aire ________________.
'Ó, an créatúirín bocht!' arsa Cathal.
Ní dúirt Róise rud ________________ bith. Chuir ________________ a lámh amach.
Tharraing ________________ t-asal siar.
'Ní thrustann sé muid,' arsa Róise.
'Níl iontas ar bith _______________,' arsa a cara.
'Caithfidh mé é a thabhairt abhaile,' ________________ Róise.
'An as ________________ mheabhair atá tú!' arsa Cathal. 'Ní ligfeadh do mháthair
duit é ________________ choinneáil!'

2. Lig ort gur tú Cathal nó Róise. Inis an scéal do do pháirtí mar a d'inseodh Cathal nó Róise é.

3. Tá focail agus nathanna sa sliocht thuas a d'fhéadfaí a rá ar shlite eile. Seo thíos dhá shampla. Oibrigh le do pháirtí agus scríobhaigí cuid eile acu.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| go bhfeicfidh tú | = | go gcífidh tú | | |
| breathnaigh | = | amharc | = | féach |
| | = | | | |
| | = | | | |
| | = | | | |
| | = | | | |
| | = | | | |
| | = | | | |
| | = | | | |
| | = | | | |
| | = | | | |



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 45 14/06/2011 14:21

# Cén focal?

1. Léigh na focail seo. Ansin léigh an scéilín. Roghnaigh ceann de na focail le cur i ngach spás sa scéilín. Ansin cum teideal don scéilín.




súil   chuir   thóg   fuair   cur   thug   shiúil
fuar   siúl   chonaic   tháinig

________

________ mé seaicéad breá teolaí do mo bhreithlá. Bhí mé an-sásta mar bhí an aimsir iontach ________ ag an am. Chomh maith leis sin bhí mo sheanseaicéad ag éirí an-ghioblach! Ba í mo mháthair a ________ an seaicéad dom sa siopa nua éadaí. Le m'airgead póca ________ mé scaif ar an dath céanna. ________ mé féin agus Mamaí abhaile ón ionad siopadóireachta. Bhí mé ag gearán go raibh orainn ________ abhaile ach níor thug Mamaí aon aird orm.
'Tá ________ agam nach mbeidh Daidí i bhfad,' arsa Mamaí nuair a shroicheamar an baile. 'Tá aonach ar ________ inniu agus beidh brú tráchta ann.'
Nuair a ________ Daidí ar ais ó na siopaí ________ mé go raibh a lán málaí aige agus chuaigh mé amach le cuidiú leis. Ó tharla go raibh sé ag ________ fearthainne i rith an ama ________ mé mo sheaicéad nua orm sula ndeachaigh mé amach.

2. Athraigh an litir / na litreacha a bhfuil líne fúithi / fúthu chun focal nua a dhéanamh i ngach cás. Ansin cuir an focal nua in abairt.

súil ________

________

fuar ________

________

thug ________

________

thóg ________

________

Úsáid foclóir, más gá, lena chinntiú gur focal ceart é!




Fite Fuaite 5th Class Final.indd 46   14/06/2011 14:21

# Focail Iasachta sa Ghaeilge

1. Léigh an téacs seo.

Teanga ársa í an Ghaeilge. Tá sí á labhairt in Éirinn leis na cianta. I gcaitheamh na mblianta chuir grúpaí éagsúla daoine ó thíortha eile fúthu in Éirinn. Labhair cuid acu seo teangacha eile seachas an Ghaeilge. Tógadh focail as na teangacha sin isteach sa Ghaeilge de réir a chéile agus tá cuid de na focail sin in úsáid go dtí an lá inniu.

Nuair a tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn san ochtú haois tugadh go leor focal Lochlainnise isteach sa Ghaeilge.




2. Oibrigh le do pháirtí. Pléigí na focail Lochlainnise seo thíos. Ansin léigí na focail Ghaeilge atá sa bhosca. Cén focal Gaeilge, dar libh, a tháinig ó gach ceann de na focail Lochlainnise?

| An focal Lochlainnise | | An focal Gaeilge |
|---|---|---|
| knappr | → | |
| bátr | → | |
| poki | → | |
| bogi | → | |
| marked | → | |
| stóll | → | |
| torskr | → | |

bád margadh póca

bogha trosc stól cnaipe

Cén focal Gaeilge is cosúla leis an mbunfhocal Lochlainnise, dar libh?



# Sa Bhaile

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'Sa Bhaile':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 48 14/06/2011 14:21

# Grá mo chroí

1. Léigh an véarsa seo as amhrán grá a chum Raifteataí file.

*Níor rugadh riamh aon bhean sa tír,*
*A bhainfeadh díot an barr,*
*Ó scriosadh an Traí mar gheall ar mhnaoi,*
*Is ó cuireadh Deirdre chun báis.*

2. Is do Héilin na Traí atá Raifteataí ag tagairt sa tríú líne. Cad atá ar eolas agatsa mar gheall ar Héilin na Traí?

_______________________________________________

_______________________________________________

3. Déan taighde chun teacht ar bhreis eolais mar gheall ar Héilin na Traí agus mar gheall ar an mbaint a bhí aici le scrios na Traí. Scríobh cuid den eolas a chruinnigh tú.

_______________________________________________


_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

4. Tabhair Páras a fhad le Héilin na Traí.





Fite Fuaite 5th Class Final.indd 49 14/06/2011 14:21

# Teachtaireachtaí

1. Léigh na teachtaireachtaí seo.

a. Ná déan dearmad bainne a cheannach!

b. Imithe ag snámh. Ar ais ar a cúig. Do dhinnéar san oigheann.

c. Is oth liom a chur in iúl duit nach féidir linn post a thairiscint duit faoi láthair.

d. A Áine, ghlaoigh Séamas. Ní bheidh sé in ann eitpheil a imirt leat tráthnóna.

e. Ba mhaith leis an Dochtúir Ó Súilleabháin go ndéanfá coinne léi chomh luath agus is féidir chun torthaí do chuid tástálacha a phlé. Cuir glaoch ar a rúnaí chun am a shocrú.

f. Beidh Aoife Ní Nualláin, múinteoir Rang 5, ar fáil chun bualadh le tuismitheoirí tar éis na scoile ar an 25 Samhain.

2. Anois cuir gach teachtaireacht faoin teideal ceart.

| Foirmeálta | Neamhfhoirmeálta |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

3. Scríobh teachtaireacht a d'fhágfá féin do do mhuintir sa bhaile agus tú ag dul amach.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 50 14/06/2011 14:21

Fear? Bean? Cailín? Buachaill? Aois? Ainm? Gairm bheatha?

4. Pioc trí cinn de na teachtaireachtaí i dtasc 1. Scríobh próifíl ar an duine ar dó an teachtaireacht i ngach cás. Ansin tarraing pictiúr den duine.

| Próifíl a | Próifíl b | Próifíl c |
| --- | --- | --- |
| | | |

5. Léigh teachtaireacht d arís. Nuair a léigh Áine an teachtaireacht seo ghlaoigh sí ar Shéamas lena fháil amach cén fáth nach bhféadfadh sé eitpheil a imirt an lá sin. Scríobh an comhrá a tharla eatarthu.

Áine:



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 51 14/06/2011 14:21

# Bunús na bhFocal

grianghraf + adóir → grianghrafadóir

feirm + eoir → feirmeoir

1. Scríobh amach bunús na bhfocal seo mar atá thuas.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ______ | + | ______ | → | moltóir |
| ______ | + | ______ | → | siopadóir |
| ______ | + | ______ | → | peileadóir |
| ______ | + | ______ | → | múinteoir |
| ______ | + | ______ | → | ceoltóir |



Ar thug tú faoi deara go dtéann caol le caol agus leathan le leathan?

2. Is féidir focail nua a dhéanamh astu seo ach breis litreacha a chur leo. Tá an chéad cheann déanta duit. Scríobh an chuid eile acu.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| grianghrafadóir | + | -eacht | → | grianghrafadóireacht |
| ______ | + | ______ | → | ______ |
| ______ | + | ______ | → | ______ |
| ______ | + | ______ | → | ______ |
| ______ | + | ______ | → | ______ |
| ______ | + | ______ | → | ______ |
| ______ | + | ______ | → | ______ |

3. Cé mhéad focal is féidir leat a dhéanamh as na litreacha atá in '**grianghrafadóireacht**'?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

4. Scríobh dhá ainmfhocal eile a thosaíonn leis na litreacha **c**, **f**, **g**, **m**, **s** agus **p**. Úsáid foclóir lena chinntiú go bhfuil na focail litrithe i gceart agat.

______________________________

______________________________

______________________________



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 52 14/06/2011 14:21

# Anois agus an uair sin

1. Scríobh liosta de rudaí atá agaibh sa bhaile anois nach raibh ann caoga bliain ó shin. Úsáid foclóir lena chinntiú go bhfuil na focail litrithe i gceart agat.







2. Léigh na liostaí atá scríofa ag daoine eile sa rang agus pléigh leo iad.

3. Déan taighde ar rud amháin atá ar do liosta. D'fhéadfá a fháil amach, mar shampla, cé a chéadcheap é agus cén fhorbairt a rinneadh air ó shin.

   Is é seo an rud a ndearna mé taighde air. ______________________

   Rudaí a bhí ar eolas agam mar gheall air cheana féin

   Rudaí nua a d'fhoghlaim mé faoi

   An t-eolas ba spéisiúla, dar liom

4. Anois léigh an taighde a rinne duine éigin eile sa rang.

   Is é seo an rud a ndearna ______________________ taighde air.

   An t-eolas ba spéisiúla, dar liom




Fite Fuaite 5th Class Final.indd 53
14/06/2011 14:21

# Litriú

1. Cuir ciorcal thart ar an leagan ceart de gach focal.


| | | | |
|---|---|---|---|
| a. | mo máthair | mo mhráthar | mo mháthair |
| b. | múnteoir | múinteoir | muinteor |
| c. | tuismitheoirí | túismitheoirí | tuismithóirí |
| d. | seomra codhlata | seomra codlata | seomra codlatha |
| e. | b'féidir | b'fhéidir | b'fheidir |
| f. | d'fhiafraigh | d'fiafraigh | d'fhíafraigh |
| g. | nua-aimsirthe | nua-aimseartha | nua-aimsearta |
| h. | buntaistí | buntáistí | búntáisti |
| i. | úsáidean | úsáideann | úsaideann |




2. Cum abairtí ina mbeadh cúig cinn de na focail i dtasc 1.

3. Cum ceisteanna a mbeadh na freagraí seo orthu.

B'fhéidir go mbeadh.
D'fhiafraigh.
D'imigh.
Déanfaidh.
Creidim.
Mo thuismitheoirí.
Sa seomra codlata.
Úsáideann.






Fite Fuaite 5th Class Final.indd 54 14/06/2011 14:21

# Comhghairdeas!

1. Is minic a scríobhaimid cárta chun comhghairdeas a dhéanamh le duine ar ócáid speisialta. Scríobh do rogha teachtaireacht ar an gcárta comhghairdis seo.




2. Cé mhéad focal is féidir leat a dhéanamh as na litreacha atá in '**comhghairdeas**'? Scríobh anseo iad.

Bain úsáid as foclóir lena chinntiú go bhfuil na focail litrithe i gceart agat.




Anois léigh liosta do pháirtí. An raibh mórán de na focail chéanna agaibh?



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 55 14/06/2011 14:21

# Crosfhocal

Líon an crosfhocal. Tá baint éigin ag gach focal ann le háiseanna cumarsáide.




**Trasna**

4. Bím níos gasta ag clóscríobh ar an ____________ ná mar a bhím ag scríobh le peann.
7. Is féidir liom gach sórt suímh a fheiceáil air seo.
9. Sa téacsais d'fhéadfá 'tcht' a scríobh in áit an fhocail seo.
10. Is féidir linn labhairt le duine in aon áit leis an rud seo.

**Síos**

1. In áit glaoch ar dhuine ar an bhfón póca d'fhéadfainn ____________ a sheoladh.
2. Tá ____________ faoi gach saghas ábhair le fáil ar an idirlíon.
3. I bhfad níos sciobtha ná litir a chur sa phost!
5. Úsáidtear guthán, nuachtáin agus an teilifís, mar shampla, chun ____________ a dhéanamh.
6. Bíonn scáileán agus méarchlár air agus diosca crua ann.
8. Deir mo mháthair gur saoire a bheith ag ____________ lenár ngaolta san Astráil ar Skype ná ar an nguthán.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 56 14/06/2011 14:21

# Ócáidí Speisialta – Comóradh Pósta

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'Ócáidí Speisialta – Comóradh Pósta':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 57 14/06/2011 14:21

# Lá na nAmadán

1. Léigh agus pléigh an rann traidisiúnta seo.



Sceimhle! Sceimhle!
An chéad lá 'gheimhreadh.
Scanradh! Scanradh!
An chéad lá 'shamhradh.
Amadán! Amadán!
An chéad lá 'Aibreán.

2. Ar éirigh leat 'Amadán Aibreáin' a dhéanamh de dhuine éigin nó an ndearnadh 'Amadán Aibreáin' díot féin? Cén duine a bhí i gceist? ______________________

Scríobh faoin rud a thit amach.

3. Tarraing pictiúr a léireoidh an eachtra.

# Ceist agam ort!

1. Cuir na ceisteanna seo ar do pháirtí. Bunaithe ar an bhfreagra cuir ✓ nó ✗ sa bhosca taobh le gach abairt. Ansin cum agus scríobh dhá cheist eile de do chuid féin agus cuir ar do pháirtí iad.

   a. An ndéanann tú do chuid obair bhaile a luaithe a thagann tú abhaile ón scoil? ☐

   b. An mbíonn tú sa bhaile roimh a ceathair a chlog lá scoile? ☐

   c. An dtugann do thuismitheoirí cead duit a bheith amuigh déanach? ☐

   d. An dtagann do chairde ar cuairt chuig do theach go minic? ☐

   e. An gceapann tú go mbíonn an iomarca obair bhaile ag an rang seo? ☐

   ______________________________________________ ☐

   ______________________________________________ ☐

2. Scríobh cuntas ar na freagraí a thug do pháirtí ar do chuid ceisteanna. Scríobh ainm do pháirtí sa chéad spás. Cuir ciorcal ar 'go' nó 'nach' de réir mar a oireann agus ansin críochnaigh an abairt.

   a. Dúirt ____________ go / nach ______________________________.

   b. Dúirt ____________ go / nach ______________________________.

   c. Dúirt ____________ go / nach ______________________________.

   d. Dúirt ____________ go / nach ______________________________.

   e. Dúirt ____________ go / nach ______________________________.

   f. Dúirt ____________ go / nach ______________________________.

   g. Dúirt ____________ go / nach ______________________________.

3. Léigh agus pléigh an rann traidisiúnta seo.



Comhairle Cholm Cille,
Is í sin an chomhairle chóir.
An rud nach mbaineann duit,
Ná bain dó.






Fite Fuaite 5th Class Final.indd 59 14/06/2011 14:21



# Éamann nó Aoife?



1. Léigh an scéal seo. Cum teideal dó. Ansin cum deireadh an scéil.

Nuair a tháinig Éamann abhaile ón scoil tráthnóna Dé Céadaoin ní raibh aon duine sa teach roimhe. Chuir sé sin an-ionadh go deo air. Bhíodh a mháthair ag obair ón mbaile Dé Céadaoin agus bhíodh leathlá ag a dheirfiúr a bhí sa dara bliain sa mheánscoil. Bhuail Éamann an cloigín agus d'fhan sé tamall. Nuair nach bhfuair sé aon fhreagra ní raibh a fhios aige cad a dhéanfadh sé. Ansin chonaic Éamann a chomharsa bhéal dorais ag teacht anall chuige. Dúirt a chomharsa leis go raibh a mháthair agus a dheirfiúr imithe chuig an ospidéal ______

2. Lig ort gur cailín, a bhfuil 'Aoife' uirthi, atá sa scéal thuas in áit an bhuachalla 'Éamann'. Athscríobh an scéal agus athraigh aon fhocal is gá.

Nuair a tháinig Aoife abhaile ón scoil tráthnóna Dé Céadaoin ní raibh aon duine sa teach ______

3. Cé mhéad focal ba ghá a athrú i dtasc 2? ______



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 60 14/06/2011 14:21

# Rialacha! Rialacha!

1. Seo cuid de na rialacha scoile atá ag Scoil Ghleann na Smól. Léigh agus pléigh iad.



## Scoil Ghleann na Smól

a. Níl cead ag an dalta an scoil a fhágáil ón am a thagann sé ar scoil ar maidin go dtí deireadh an lae scoile gan cead ón oide ranga nó ón bpríomhoide.

b. Má bhíonn dalta as láthair ón scoil iarrtar ar an tuismitheoir nó ar an gcaomhnóir nóta mínithe a chur chuig an scoil nuair a fhillfidh an dalta.

c. Is í an Ghaeilge teanga na scoile. Glactar leis gurb í an Ghaeilge a labhróidh an dalta le linn am scoile.

d. Caithfear a bheith béasach cúirtéiseach sa seomra ranga i gcónaí chun deis a thabhairt do gach dalta a bheith ag foghlaim i dtimpeallacht shábháilte thaitneamhach.

2. Léigh na rialacha atá sa scoil seo agaibh féin.

3. Pioc ceann amháin de rialacha na scoile seo agaibh féin. Céard é do dhearcadh féin maidir leis an riail áirithe sin?

4. Dá mbeadh cead agat riail amháin de chuid na scoile a athrú cé acu a d'athrófá? Tabhair cúis le do fhreagra.

# An scoil is deise sa tír!

1. Dá dtabharfaí cead duit scoil nua a phleanáil cén saghas scoile a bheadh inti? Céard a bheadh á fhoghlaim sa scoil? Cé na rialacha a bheadh inti? Cad faoi na múinteoirí? Cabhróidh na briathra seo sa mhodh coinníollach leat.

Bheadh · D'fhoghlaimeodh · D'fhágfadh · Cheannódh · Thiocfadh · Chaithfeadh · Chuirfeadh · D'imreodh · Bhuailfeadh

2. Anois cum ainm agus mana do do scoil nua.

3. Léigh an rud a scríobh do pháirtí. Ar mhaith leat a bheith i do dhalta sa scoil ar scríobh do pháirtí faoi? Tabhair cúis le do fhreagra.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 62 14/06/2011 14:21

# Comhrá

1. Bhí scrúdú matamaitice ag Cathal Dé Luain. Bhí an-imní air faoi. Chaith sé an Satharn agus an Domhnach ag staidéar agus bhí sé cinnte go n-éireodh go maith leis sa scrúdú. Ach, mo léan, ní hamhlaidh a bhí! Theip air sa scrúdú! Bhí an-díomá ar Chathal. Scríobh an comhrá a bhí aige lena mháthair tar éis na scoile Dé Luain.




Cathal:

2. Bhí scrúdú matamaitice ag Neasa Dé Luain. Ní raibh imní uirthi faoi. Chaith sí an Satharn agus an Domhnach ag spraoi agus níor oscail sí a leabhar matamaitice oiread is uair amháin. Mar sin féin, cheap sí go n-éireodh go maith léi sa scrúdú. Ach, mo léan, ní hamhlaidh a bhí! Theip uirthi sa scrúdú! Bhí an-díomá ar Neasa. Scríobh an comhrá a bhí aici lena hathair tar éis na scoile Dé Luain.




Neasa:

3. Bunaithe ar an eolas atá sa dá scéal thuas cén saghas daoine iad Cathal agus Neasa?

4. Dá mbeadh aithne agat ar an mbeirt seo cén chomhairle a chuirfeá orthu?



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 63 14/06/2011 14:21

# Poncaíocht

1. Seo sliocht as an leabhar *Carraig na Caillí*. Tá an phoncaíocht in easnamh. Tá roinnt ceannlitreacha ar lár freisin. Léigh le do pháirtí é agus aimsígí na botúin.

 Ach a Thomáis  arsa Colm  ní bheidh mise ábalta dul amach i m'aonar Is maith atá a fhios agat nach mbeadh aon chead agam
Lean Tomás air ag cuimilt an mhótair le ceirt
 Ach táim ag súil leis seo le fada  arsa Colm agus creathán ina ghlór
 Agus tá coinne agamsa le nóra  arsa tomás  Ar aon slí, nach bhfuil an tseachtain ar fad caite agamsa amuigh ar an bhfarraige Táim bréan di faoin tráth seo
Chaith sé an cheirt le Colm rug Colm uirthi agus chrústaigh sé uaidh í D'iompaigh sé ar a shála go tapa agus bhailigh sé leis Níor theastaigh uaidh go bhfeicfeadh Tomás na deora ina shúile

Athscríobh an sliocht i do chóipleabhar agus ceartaigh na botúin a bhaineann le poncaíocht agus le ceannlitreacha.

2. Ceartaigh do chuid oibre. Cén botún ba mhinice a bhí agat?

_______________

_______________

3. Seo focail as an sliocht thuas. An féidir leat iad a oibriú amach?

| | | | |
|---|---|---|---|
| roead | ___________ | humiag | ___________ |
| itilcum | ___________ | ilhhiabg | ___________ |
| úlsi | ___________ | iihtur | ___________ |
| incnoe | ___________ | magaas | ___________ |
| shtithaeag | ___________ | duahi | ___________ |

Cén focal ba dheacra a oibriú amach? ___________

4. Cuir ceithre cinn de na focail i dtasc 3 in abairtí.

_______________

_______________

_______________

_______________


_______________



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 64 14/06/2011 14:21

# Crosfhocal

Líon an crosfhocal. Tá baint éigin ag gach focal ann le cúrsaí scoile.



**Trasna**

1. Matamaitic, Gaeilge, stair, Béarla agus teagasc creidimh, mar shampla.
4. Bíonn na múinteoirí ag ______________ an lá ar fad.
5. Ábhar meánscoile a bhíonn ar bun sa tsaotharlann. Tosaíonn an focal le 'c'.
6. Treoir ón Roinn Oideachais do mhúinteoirí maidir le teagasc agus foghlaim sa scoil.
10. Hurá! Tá an scoil druidte i gcomhair an tsamhraidh!
11. Is i lár an lae a ithimid an ______________.
13. Tugann an duine seo treoir do na múinteoirí.
14. Tugtar ______________ ar pháistí nuair a bhíonn siad ar scoil.

**Síos**

2. Scoil le haghaidh daltaí idir 4 agus 12.
3. Má labhraím í seo tuigfidh muintir na Fraince mé.
4. Caithfidh siad dul ar scoil, ach faigheann siad airgead as!
7. Cén ______________ ina bhfuil tú ar scoil?
8. Scoil ag a dtéann daltaí bunscoile nuair atá Rang 6 críochnaithe acu.
9. 'Má oibríonn tú go crua ar scoil,' arsa Daideo, 'gheobhaidh tú ______________ maith nuair a bheidh tú fásta.'
12. Bíonn rialacha ann chun ______________ a chur i bhfeidhm.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 65 14/06/2011 14:21


# Logainmneacha na hÉireann

Bíonn tagairtí d'áiteanna cónaithe i gcuid mhaith de logainmneacha na hÉireann. Seo a leanas cuid acu.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Bábhún | Baile | Brú | Caiseal |
| Caisleán | Cathair | Dún | |
| Port | Lios | Ráth | Teach / Tigh |

Aimsigh logainmneacha a thosaíonn leis na focail sin ar léarscáil na hÉireann agus scríobh anseo iad.








Fite Fuaite 5th Class Final.indd 66
14/06/2011 14:21

# An Scoil

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'An Scoil':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 67 14/06/2011 14:21

# Tóraíocht Focal

1. Léigh na focail seo a bhaineann le cúrsaí siopadóireachta agus aimsigh sa tóraíocht focal iad.

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| d | k | t | l | r | a | k | m | c | r | t | y | r | n | h |
| a | l | f | a | p | f | b | f | ú | í | t | b | q | a | l |
| o | w | c | o | p | r | m | i | n | n | h | m | s | r | n |
| r | t | i | ú | a | a | l | f | f | í | c | a | c | h | s |
| z | s | m | t | i | i | e | c | x | l | f | n | a | m | e |
| t | c | ó | k | p | s | u | l | f | l | t | n | r | u | o |
| d | g | z | b | n | i | í | m | í | i | j | a | a | c | m |
| w | k | f | s | l | m | p | n | l | a | y | h | o | e | r |
| l | t | t | t | a | n | w | x | í | r | d | t | i | l | a |
| y | m | k | v | p | o | k | t | z | b | m | a | d | n | l |
| g | x | l | q | g | v | r | k | w | n | k | d | é | n | e |
| t | c | e | a | n | n | a | d | h | a | i | r | t | i | a |
| h | d | a | g | r | a | h | m | d | a | l | s | l | o | p |
| r | a | a | n | n | a | s | h | g | a | r | p | f | c | a |
| a | g | c | e | a | n | n | a | c | h | l | k | t | d | y |

| | | | |
|---|---|---|---|
| ag ceannach | cuilt | piliúr | seomra leapa |
| braillíní | cúisíní | praghsanna | siopa |
| bratóg | daor | saor | sladmhargadh |
| ceannadhairt | dathanna | scaraoid | éadaí leapa |
| coinnle cumhra | | | |

# Ceist agus Freagra

2. Cum ceisteanna, a bhfuil baint acu leis an siopadóireacht, a mbeadh na freagraí seo orthu.

______________________________________________

______________________________________________ Dá mbeadh mo dhóthain airgid agam.

______________________________________________

______________________________________________ Nuair a bheidh do lá breithe ann.

______________________________________________

______________________________________________ I mBaile Átha Cliath.

______________________________________________

______________________________________________ Ag leathuair tar éis a cúig.

______________________________________________

______________________________________________ Tá tú ró-óg.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 68 14/06/2011 14:21

# Siopadóireacht

1. Léigh na briathra atá sa bhosca. An raibh a fhios agat gur briathra neamhrialta iad ar fad?

abair, beir, bí, clois, déan, faigh, feic, ith, tabhair, tar, téigh

2. Scríobh gach ceann de na briathra atá sa bhosca san aimsir chaite.

abair → dúirt
______ → ______
______ → ______
______ → ______
______ → ______
______ → ______
______ → ______
______ → ______
______ → ______
______ → ______
______ → ______

3. Cum scéal nó dán faoi lá a chaith tú ag siopadóireacht le do chairde. Bain úsáid as a oiread briathra neamhrialta agus is féidir leat. Cum teideal do do shaothar ansin.

4. Cé mhéad briathar neamhrialta a d'úsáid tú? ______



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 69 14/06/2011 14:21

# Samhail

1. Léigh agus pléigh an tsamhail seo. Ansin cuir in abairt í.

***Chomh folláin le breac.***



## Litriú


2. Foghlaim, clúdaigh agus scríobh gach ceann de na haidiachtaí seo. Ansin scríobh gach aidiacht díobh arís agus a contrárthacht lena taobh.





dorcha ______
folláin ______
gearr ______
ramhar ______
marbh ______
fíor ______
saor ______
saibhir ______
dorcha ______
deacair ______
domhain ______





| | | |
|---|---|---|
| dorcha | → | geal |
| | → | |
| | → | |
| | → | |
| | → | |
| | → | |
| | → | |
| | → | |
| | → | |
| | → | |
| | → | |



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 70 14/06/2011 14:21

3. Scríobh ainmfhocal feiliúnach ón mbosca thíos roimh gach ceann de na haidiachtaí seo.




_______________ marbh _______________ dorcha
_______________ folláin _______________ saibhir

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **buachaill** | **blaincéad** | **breac** | **cailín** | **cúisín** |
| **bia** | **lá** | **aer** | **seomra** | |

4. Léigh na breischéimeanna seo. Ansin scríobh bunchéim gach aidiachta díobh.

_______________ níos giorra
_______________ níor raimhre
_______________ níos saoire
_______________ níos folláine
_______________ níos deacra
_______________ níos doimhne

5. Scríobh focail fheiliúnacha sna spásanna sna habairtí seo.

a. D'fhéadfadh _______________ *(ainmfhocal)* a bheith níos _______________ *(breischéim aidiachta)* ná _______________ *(ainmfhocal)*.

b. Bíonn _______________ *(ainmfhocal)* níos _______________ *(breischéim aidiachta)* ná _______________ *(ainmfhocal)*.

c. Bhí _______________ *(ainmfhocal)* níos _______________ *(breischéim aidiachta)* ná _______________ *(ainmfhocal)*.

d. Dá mbeadh _______________ *(ainmfhocal)* agam bheinn i bhfad níos _______________ *(breischéim aidiachta)* ná mar atáim anois.

6. Scríobh na hainmfhocail atá sa bhosca i dtasc 3 in ord aibítre.

_______________________________________________


_______________________________________________



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 71 14/06/2011 14:21

# Ádh nó Mí-ádh?

1. Léigh agus pléigh an seanfhocal seo.



**Is caol mar a ritheann sruth an áidh,
Ach is ina thuilte móra a thagann an mí-ádh.**



2. Is féidir réimír a chur i dtús focail agus brí an fhocail a athrú go hiomlán. Réimír is ea 'mí-' san fhocal 'mí-ádh'. Bain amach an réimír 'mí-' i gcás gach ceann de na focail seo a leanas agus scríobh amach an bunfhocal.



Cuireann an réimír 'mí-' séimhiú ar an bhfocal a leanann é. Ná déan dearmad an séimhiú a bhaint amach agus an bunfhocal á scríobh agat.

| | | |
|---|---|---|
| mícheart | → | ceart |
| mí-ádh | → | |
| míshásta | → | |
| míchúirtéiseach | → | |
| mínádúrtha | → | |

Ar thug tú faoi deara go gcruthaítear contrárthacht an bhunfhocail nuair a chuirtear an réimír 'mí-' roimhe?

3. Scríobh contrárthachtaí na bhfocal seo thíos tríd an réimír 'mí-' a chur leo.



Ná déan dearmad go gcuireann an réimír 'mí-' séimhiú ar an bhfocal a leanann é má thosaíonn an focal le consan a shéimhítear.

| | | |
|---|---|---|
| buntáiste | → | míbhuntáiste |
| compordach | → | |
| cothrom | → | |
| folláin | → | |
| dílis | → | |
| múinte | → | |
| suaimhneach | → | |

# Siopaí

1. Seo rudaí a d'fhéadfá a cheannach i siopaí. Bheadh cuid acu le fáil i siopaí bia. Cuid eile fós bheidís le fáil i siopaí éadaigh. Tá rudaí eile nach bhfaighfeá i gceachtar den dá shiopa. Léigh na focail agus scríobh na liostaí. Cuir rudaí breise leis an dá liosta tú féin.




## Liostaí

| Siopaí bia | Siopaí éadaigh |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

Ar thug tú faoi deara gur san uimhir iolra atá na focail ar fad?

2. Cuireadh an litir 'í' leis an bhfocal 'siopa' chun an t-iolra 'siopaí' a dhéanamh. Cuireadh an litir 'í' leis an bhfocal 'liosta' freisin chun an t-iolra 'liostaí' a dhéanamh. Aimsigh focail eile ar an leathanach seo ar cuireadh 'í' leo chun an uimhir iolra a dhéanamh.

3. Ní ar an mbealach a luaitear i dtasc 2 a dhéantar an uimhir iolra i gcás gach ainmfhocail. An dtugann tú aon phatrúin faoi deara i gcás na bhfocal eile? Oibrigh le do pháirtí chun na patrúin a oibriú amach.

# Siopadóireacht

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'Siopadóireacht':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 74


14/06/2011 14:21

# Focail Iasachta sa Ghaeilge

1. Léigh an téacs seo.

Teanga ársa í an Ghaeilge. Tá sí á labhairt in Éirinn leis na cianta. I gcaitheamh na mblianta chuir grúpaí éagsúla daoine ó thíortha eile fúthu in Éirinn. Labhair cuid acu seo teangacha eile seachas an Ghaeilge. Tógadh focail as na teangacha sin isteach sa Ghaeilge de réir a chéile agus tá cuid de na focail sin in úsáid go dtí an lá inniu.

Nuair a tháinig na Críostaithe go hÉirinn sa chúigiú haois tugadh go leor focal Laidine isteach sa Ghaeilge, go háirithe focail a bhain le cúrsaí creidimh agus le cúrsaí scríbhneoireachta.




2. Oibrigh le do pháirtí. Cén focal Gaeilge, dar libh, a tháinig ó gach ceann de na focail Laidine thíos?

| An focal Laidine | | An focal Gaeilge | An focal Laidine | | An focal Gaeilge |
|---|---|---|---|---|---|
| ecclesia | → | | schola | → | |
| crux | → | | penna | → | |
| altare | → | | liber | → | |
| templum | → | | scribere | → | |
| sacerdos | → | | littera | → | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| scoil | eaglais | litir | leabhar | teampall |
| altóir | scríobh | peann | sagart | cros |

Cén focal Gaeilge is cosúla leis an mbunfhocal Laidine, dar libh?




3. Cad a cheapann sibh atá á rá ag an manach? Tá an freagra ag an múinteoir.

# Seanfhocail

1. Léigh agus pléigh na seanfhocail seo a bhfuil baint acu le bia. Ansin tarraing pictiúr a léireoidh ceann amháin acu.

Nuair a bhíonn an bolg lán is maith leis na cnámha síneadh.

Bíonn fear ocrach feargach.

Ní chuimhníonn an cú gortach ar a coileán.

# Tóraíocht Focal

2. Léigh na focail seo a bhfuil baint acu le bia agus aimsigh sa tóraíocht focal iad.

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| t | h | c | a | e | r | i | a | c | ó | c | g | a | m |
| o | l | l | m | h | a | r | g | a | d | h | k | w | b |
| b | m | u | i | s | i | r | i | ú | i | n | b | m | ú |
| p | l | c | o | g | z | b | t | u | r | b | x | e | i |
| a | h | b | n | c | n | q | a | k | a | h | r | g | s |
| n | h | g | e | n | r | i | v | g | é | c | r | i | t |
| c | l | c | a | a | n | a | o | k | n | n | h | ó | é |
| h | k | l | a | e | c | e | s | w | n | c | v | l | i |
| i | a | r | o | h | l | á | r | d | i | k | w | o | r |
| s | t | i | x | r | b | w | i | a | d | n | v | a | k |
| t | l | r | i | t | t | o | j | n | b | l | t | l | r |
| i | l | a | n | b | l | d | t | m | l | o | n | o | z |
| n | g | k | w | n | q | k | c | s | n | j | i | m | k |
| t | l | i | o | e | c | i | u | m | d | m | g | p | l |

ag cócaireacht
an chistin
beacáin
búistéir
dinnéar
gairleog
muiceoil
muisiriúin
ocras
ola olóige
ollmhargadh
piobar
salann
stobhach
uaineoil



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 76 14/06/2011 14:21

# Focail ar Iarraidh

1. Seo sliocht as an leabhar *Mairéad Ní Mhaonaigh*. Scríobh sna spásanna na focail atá ar iarraidh.

> Bhí béim mhór ______________ an drámaíocht agus ar an cheol ______________ scoil, rud a thaitin ______________ Mairéad. Ghlac sí páirt ______________ ndíospóireachtaí chomh maith agus bhuaigh sí duais náisiúnta i gcomórtas díospóireachta.
> Bhí Máire Bean ______________ Bhraonáin, nó Baba mar is fearr aithne uirthi, ar dhuine de na múinteoirí a bhí ag teagasc ______________ Ardscoil Mhuire. Bhí aithne ag Mairéad ______________ Bhaba ó bhí sí ina girseach óg mar bhíodh Baba ______________ seinm ar an phianó ag na geamaireachtaí. Tá cáil ar chlann Bhaba Uí Bhraonáin anois ar ______________ na hÉireann agus ______________ fud ______________ domhain. Tá siad sa bhuíon cheoil chlúiteach, Clannad, agus tá iomrá mór leitheadach ar Eithne agus ar Mháire, nó Enya agus Moya mar is fearr aithne ______________.

2. Is minic a bhainimid níos mó taitnimh as imeachtaí iarscoile ná mar a bhainimid as na hábhair scoile féin! Scríobh faoi imeacht iarscoile a thaitníonn leat.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

3. Labhair le triúr eile i do rang agus faigh amach cad iad na himeachtaí iarscoile is mó a thaitníonn leosan. Scríobh tuairisc ar an eolas a bhailigh tú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________







Fite Fuaite 5th Class Final.indd 77 14/06/2011 14:21

# Logainmneacha na hÉireann

Bíonn tagairtí d'áiteanna a bhaineann leis an gCríostaíocht i gcuid mhaith de logainmneacha na hÉireann. Seo a leanas cuid acu.



Cill
Domhnach
Díseart
Eaglais
Mainistir
Teampall
Tearmann

Aimsigh logainmneacha a thosaíonn leis na focail sin ar léarscáil na hÉireann agus scríobh anseo iad.








Fite Fuaite 5th Class Final.indd 78 14/06/2011 14:21

# Bia

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'Bia':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 79 14/06/2011 14:22

# Samhradh! Samhradh!

1. An cuimhin leat an scéal faoi Aifric agus na laethanta saoire ar an gCeathrú Rua? Tar éis seachtaine scríobh Aifric cárta poist chuig a seanmháthair agus ceann eile chuig a cara, Deirdre. Léigh na cártaí poist a scríobh sí.

*A Mhamó dhil,*

*Tá súil agam go bhfuil tú go maith agus go bhfuil biseach ag teacht ar do lámh. An bhfuil tú in ann tiomáint fós?*

*Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch anseo. Chaith mé féin agus Ciara an lá inné ar an trá. Bhí sé go hálainn cé go raibh an t-uisce an-fhuar. Scríobhfaidh mé litir chugat go luath. Abair 'heileó' le Daideo.*

*Le grá,*
*Aifric*




*Nóra Bn. Uí Ruairc*
*23 Páirc an Phiarsaigh*
*Na Sceirí*
*Co. Bhaile Átha Cliath*

*A Dheirdre,*

*Ní chreidfeá an chraic atá againn anseo! Aon seans go ligfeadh do thuismitheoirí anuas anseo thú nuair a chríochnóidh an cúrsa snámha? Tá dhá leaba i mo sheomrasa. D'fhéadfadh Mam thú a bhailiú ón stáisiún traenach i nGaillimh. Tá go leor leor scéalta agam duit ach ní fhéadfainn iad a scríobh ar chárta poist! Tá súil agam go dtiocfaidh tú ...*

*Grá,*
*Aifric*




*Deirdre Ní Loingsigh*
*17 Plás Naomh Bríd*
*Eastát Chill Aodáin*
*Baile Átha Cliath 1*



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 80 14/06/2011 14:22

2. Céard iad na scéalta, dar leatsa, a bhí ag Aifric do Dheirdre ach nach scríobhfadh sí ar chárta poist?

3. Cén t-eolas atá againn faoi Mhamó agus faoi Dheirdre, cara Aifric, as na rudaí a scríobh Aifric ar na cártaí poist?

Mamó:

Deirdre:

4. Scríobh Aifric ar cheann de na cártaí poist go raibh an ghrian 'ag scoilteadh na gcloch'. Scríobh nathanna eile a thugann le fios go bhfuil an aimsir go breá. Ansin scríobh nathanna a thugann le fios gur drochaimsir atá ann.

Aimsir bhreá



Drochaimsir




5. Cé mhéad focal is féidir leat a dhéanamh as na litreacha atá in '**laethanta saoire**'? Bain úsáid as foclóir lena chinntiú go bhfuil na focail litrithe i gceart agat.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 81 14/06/2011 14:22

# Abairtí Aisteacha!

1. Tá na habairtí seo thíos in aimhréidh. Cuir na focail san ord ceart. Ceartaigh an phoncaíocht chomh maith agus cuir isteach ceannlitreacha de réir mar is gá.




a. le colm gur cheart dó dul abair a chodladh ______

b. sí ar a mála abhaile ar nós léi na gaoithe agus rug ______

c. siad deasa san ollmhargadh go leor cístí chonaic ______

d. an cat an bia na héiníní a chuir mé d'ith amach do ______

e. sí cead óna tuismitheoirí céilí dul fuair go dtí an ______

f. siad an ceol agus abhaile iad ar an mbóthar chuala ______

g. a dóthain a pláta ocrais ar uirthi dá mbeadh d'iosfadh sí a bhfuil ______

2. Cé acu abairt ba dheacra a oibriú amach? Roghnaigh na focail chuí ón mbosca thíos. ______

an chéad cheann | an dara ceann | an tríú ceann | an ceathrú ceann
an cúigiú ceann | an séú ceann | an seachtú ceann

3. Scríobh dhá abairt de do chuid féin ar bhileog. Bain úsáid as a oiread briathra neamhrialta agus is féidir leat. Ansin measc na focail agus scríobh mar 'abairtí aisteacha' iad ar bhileog eile. Taispeáin do do pháirtí iad. Iarr air / uirthi na focail a chur san ord ceart agus na habairtí ceartaithe a scríobh ina leabhar féin.

a. ______

b. ______

Cé mar a d'éirigh le do pháirtí? ______



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 82 14/06/2011 14:22

# Poncaíocht

1. Seo sliocht as an leabhar *Ar Thóir an Toirc Bháin*. Tá an phoncaíocht in easnamh. Tá roinnt ceannlitreacha ar lár freisin. Léigh le do pháirtí é agus aimsígí na botúin.

Nuair a stop cormac thosaigh na ceisteanna
Cé chomh mór is a bhí sé
An raibh Cormac cinnte gur dath bán a bhí air seachas donn nó liath
Cárbh as a dtáinig sé
an bhfaca Cormac cá ndeachaigh sé
Ba iad na ceisteanna deireanacha seo na ceisteanna ba thábhachtaí gan dabht
ach faraor ní raibh freagra ar bith ag Cormac orthu
Beidh orainn labhairt leis an Draoi faoi seo arsa diarmaid Dubh leis tar éis tamaill
Ainmhí cumhachtach is ea an Torc Bán sin atá feicthe agat Mar sin de caithfear an Draoi a chur ar an eolas
Ach cén fáth a gcaithfimid labhairt leis an Draoi arsa Cormac

Athscríobh an sliocht i do chóipleabhar agus ceartaigh na botúin a bhaineann le poncaíocht agus le ceannlitreacha.

2. Ceartaigh do chuid oibre. Cén botún ba mhinice a bhí agat?

3. Tá go leor ceisteanna sa sliocht thuas. Liostaigh na focail cheisteacha anseo.

4. Bain úsáid as trí cinn de na focail cheisteacha seo chun ceisteanna a chumadh. Scríobh na ceisteanna. Ansin cuir ar do pháirtí iad. Freagraíodh do pháirtí thú ó bhéal.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 83 14/06/2011 14:22


# Na Ceithre hAirde

1. Léigh agus pléigh an rann seo. Ansin scríobh ainm dhá chontae atá suite i ngach cearn d'Éirinn a luaitear sa rann.

   Tá an Deisceart go hálainn,
   Tá an Tuaisceart go breá,
   Tá an tOirthear go séimh
   Is tá an tIarthar thar barr.

   An Deisceart ______________________ ______________________
   An Tuaisceart ______________________ ______________________
   An tOirthear ______________________ ______________________
   An tIarthar ______________________ ______________________

2. 'An Ghaeltacht' a thugtar ar na ceantair arb í an Ghaeilge an phríomhtheanga labhartha iontu. Tá na ceantair Ghaeltachta is mó i gContaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe, Chiarraí agus Chorcaí. Tá ceantair Ghaeltachta níos lú i gContae Phort Láirge agus i gContae na Mí.



3. Freastalaíonn daoine óga as gach cearn den tír ar choláistí samhraidh sna ceantair Ghaeltachta éagsúla sa samhradh. An bhfuil aithne agat ar dhuine a d'fhreastail ar choláiste samhraidh i gceantar Gaeltachta? Fiafraigh den duine sin cé na rudaí a thaitin agus nár thaitin leis faoin gcoláiste samhraidh. Scríobh tuairisc bunaithe ar an eolas a fuair tú uaidh.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 84 14/06/2011 14:22

# Coláistí Samhraidh sa Ghaeltacht

1. Déan taighde le do pháirtí. Bailígí bileoga eolais ó choláistí samhraidh sna ceantair Ghaeltachta éagsúla. Roghnaígí ceithre cinn acu le grinnstaidéar a dhéanamh orthu.

   a. Ainm an choláiste ____________ Contae ____________
   b. Ainm an choláiste ____________ Contae ____________
   c. Ainm an choláiste ____________ Contae ____________
   d. Ainm an choláiste ____________ Contae ____________



2. Léigí na bileoga eolais le chéile agus déanaigí comparáid idir na coláistí. Dá mbeadh an bheirt agaibh ag dul ar chúrsa samhraidh le chéile cén coláiste a phiocfadh sibh? Tabhair cúis leis an bhfreagra.

   Coláiste ____________

3. An raibh deacracht agaibh an coláiste a roghnú?

   Bhí ☐ Ní raibh ☐

   Má bhí, mínigh an deacracht a bhí agaibh.



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 85 14/06/2011 14:22

# An Aimsir / Éadaí

Focail agus nathanna a bhaineann leis an téama 'An Aimsir / Éadaí':

Focail agus nathanna a thaitníonn liom:

Focail agus nathanna a d'fhéadfainn a úsáid:



Fite Fuaite 5th Class Final.indd 86 14/06/2011 14:22

Fite Fuaite 5th Class Final.indd 87 14/06/2011 14:22

Fite Fuaite 5th Class Final.indd 88 14/06/2011 14:22